2026/1553

10.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1553 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc sealadach ar lotnaidí áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, nó a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh inti

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 ón gCoimisiún ([2]) na lotnaidí a bhfuil toirmeasc, ar feadh tréimhse theoranta, ar iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, nó a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh inti, de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(2) Ó mhí Eanáir 2024 go dtí mí na Nollag 2025, maidir le lotnaidí nach liostaítear mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, mar lotnaidí coraintín de chuid na gcriosanna cosanta nó mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais, thug roinnt Ballstát fógra don Choimisiún gur deimhníodh go hoifigiúil go raibh na lotnaidí sin i láthair i gcoinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile de thionscnamh tríú tíortha, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([3]) agus nach rialaítear iad faoi Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(3) Tá bearta déanta ag na Ballstáit, de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, maidir le *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa*.

(4) Idircheapadh *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa* ag teorainneacha de chuid an Aontais agus tá líon mór plandaí óstacha de na lotnaidí sin fós á n-allmhairiú ó thríú tíortha, áit arb eol go bhfuil na lotnaidí sin i láthair. Ní heol go bhfuil *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa* i láthair i gcríoch an Aontais.

(5) I mí na Bealtaine 2023, thug an Spáinn réamh-mheasúnú riosca i gcrích maidir le *Copitarsia decolora* le haghaidh chríoch an Aontais. Is é an chonclúid ar ar thángthas sa mheasúnú sin go gcomhlíonann an lotnaid na critéir le haghaidh lotnaidí coraintín mar a leagtar amach i Roinn 3, Foroinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, comhlíonann sé na coinníollacha maidir le glacadh na mbeart sealadach dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) den Rialachán sin.

(6) I mí an Mheithimh 2025, thug an Ísiltír réamh-mheasúnú riosca i gcrích maidir le *Lagria villosa* ([4]) le haghaidh chríoch an Aontais. Is é an chonclúid ar ar thángthas sa mheasúnú sin go gcomhlíonann an lotnaid na critéir le haghaidh lotnaidí coraintín mar a leagtar amach i Roinn 3, Foroinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, comhlíonann sé na coinníollacha maidir le glacadh na mbeart sealadach dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) den Rialachán sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2022 maidir le toirmeasc ar lotnaidí áirithe a thabhairt isteach, a ghluaiseacht, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 268, 14.10.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1941/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([4]) Quickscan Lagria villosa | NVWA-English (i mBéarla amháin).

(7) Ar bhonn na réamh-mheasúnuithe sin, measann an Coimisiún go bhfuil ardriosca fíteashláintíochta ag baint le *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa* do chríoch an Aontais. Meastar freisin go bhfuil garchontúirt ann go dtiocfaidh na lotnaidí sin isteach i gcríoch an Aontais. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh measúnuithe riosca chun a fháil amach an gcáilíonn *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa* mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais agus an bhfuil siad le liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí toirmeasc a chur, ar feadh tréimhse theoranta, ar *Copitarsia decolora* agus *Lagria villosa* a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, nó a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh inti, go dtí go mbeidh anailís riosca iomlán déanta. Ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc sealadach sin go dtí an 30 Meitheamh 2031.

(9) Liostaítear *Cloridea virescens*, *Homona magnanima* agus *Spodoptera ornithogalli* san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 mar lotnaidí a bhfuil toirmeasc ar iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, nó a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh inti go dtí an 31 Bealtaine 2027. Is iomchuí síneadh a chur leis an dáta éaga maidir le liostú na lotnaidí sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941, go dtí an 31 Bealtaine 2030, chun a áirithiú go gcríochnófar, faoin dáta sin, an measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart iad a liostú mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 a leasú dá réir sin.

(11) Tá forálacha an Rialacháin seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Liosta na lotnaidí atá faoi réir an toirmisc dá dtagraítear in Airteagal 1:

	Géineas nó speiceas na lotnaidí lena gcóid EECP	Dáta éaga an toirmisc
1.	*Chloridea virescens* Fabricius [HELIVI]	an 31 Bealtaine 2030
2.	*Copitarsia decolora* Guenée [COPITU]	an 30 Meitheamh 2031
3.	*Homona magnanima* Dyakonov [HOMOMA]	an 31 Bealtaine 2030
4.	*Lagria villosa* Fabricius [LAGRVL]	an 30 Meitheamh 2031
5.	*Resseliella citrifrugis* Jiang [RESSCI]	an 31 Bealtaine 2027
6.	*Spodoptera ornithogalli* Guenée [PRODOR]	an 31 Bealtaine 2030'